Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 13

# Oifig na nOibreacha Poiblí

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 13, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar chostais Oifig na nOibreacha Poiblí; ar sheirbhísí a riarann an Oifig sin, ar íocaíocht deontas áirithe agus ar aisghabháil caiteachais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

b) soláthraithe do sheirbhísí soláthair chaipitil i 2016 as leithreasaí neamhchaite ó 2015, faoi na socruithe um ghéilleadh iarchurtha a leagadh síos ag alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Tá farasbarr €5.75 milliún inghéillte don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6 ina gcuid den chuntas seo.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite díobh seo a leanas:

***(a) Ráiteas faoi shócmhainní caipitil: luacháil talún agus foirgneamh***

Leanann Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí ag déanamh athbhreithniú ar mhodheolaíochtaí luachála ar thalamh agus ar fhoirgnimh agus lean siad caighdeáin chuntasaíochta na hearnála poiblí agus prótacail luachála arna dtáirgeadh ag an Royal Institution of Chartered Surveyors, a nglactar leo mar chaighdeán an tionscail in Éirinn, i Luacháil Tomhais Maoine RICS, 1ú eagrán (2015) a nuashonraíonn Cód Cleachtais Tomhaiste RICS, 6ú heagrán, agus a ionchorpraíonn Caighdeáin um Thomhas Maoine Idirnáisiúnta. Tá na luachálacha faoi réir roinnt cáilíochtaí suntasacha agus níor cheart iad a mheas amhail meastachán reatha ar luach inréadaithe.

Cuirtear measúnuithe ar luach margaidh/luach infheistithe ar bhonn 'úsáid reatha' i bhfeidhm ar thalamh agus ar fhoirgnimh sa chás go bhfuil comparáidí idir margaí ar fail (291 foirgnimh,€0.832 billiún). Déantar an réadmhaoin sin a ceannaíodh ó bhí 1 Eanáir 1995 ann agus an réadmhaoin sin a tógadh ó bhí 1 Eanáir 1997 ann a luacháil i dtús báire ag costas (123 réadmhaoin, €0.830 billiún). Rinneadh cúig cinn déag de shamplaí de réadmhaoin mhór le rá a luacháil ag úsáid modh luachála an chostais athsholáthair (€1.102 billiún). Ní áirítear i gClár na Sócmhainní gach Réadmhaoin Náisiúnta Stairiúil agus gach Séadchomhartha Náisiúnta. I gcás na coda eile den phunann, bunaítear na meastacháin ar noirm reatha chostais tógála agus ar luachanna reatha barúlacha láithreáin (545 foirgneamh, €0.546 billion).

Féachtar ar Oibreacha Fóirithinte Tuilte mar shócmhainní infrastruchtúir agus ní dhéantar iad a chaipitliú.

***(b) Luach tairsí i gcomhair sócmhainní caipitil***

Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) luach tairsí €300 i bhfeidhm dá Sócmhainní Caipitil i ngeall ar an méid mór míreanna gléasra agus trealaimh atá acu ar fud na tíre.

***(c) Dímheas***

Déantar sócmhainní gléasra agus innealra a dhímheas de réir modh na líne dírí thar a saolré mheasta fhónta, idir cúig bliana agus 20 bliain, lúide luach iarmharach,

Ní dhéantar Saothair Ealaíne ná sócmhainní Oidhreachta €5.07 milliún) atá san áireamh mar chuid de Throscán agus Feistis a dhímheas.

Ní dhéantar talamh agus foirgnimh a dhímheas.

***(d) Íocaíochtaí léasa maoine***

Aithníonn an OPW íocaíochtaí as earraí agus seirbhísí sa chás inar cuireadh ar fáil go sásúil iad, inar chuir an soláthraí isteach a chuntas agus inar tugadh an treoir íocaíocht a dhéanamh. I gcás socruithe le haghaidh léas maoine, bíonn an cíos dlite agus iníoctha nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil. Is ansin a bheidh an OPW sásta go bhfuil an dliteanas tagtha in aibíocht. I gcás go mbaineann deacrachtaí dlí nó géilliúlachta, áfach, le híocaíochtaí den chineál sin a dhéanamh le soláthraithe, gearrann an OPW an íocaíocht ar an Vóta agus aistríonn sé na cistí go cuntas ar fionraí.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Chathaoirleach. Ina theannta sin, ní féidir le córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ar bith ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, go bhfuil na hidirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha ar bith a chosc nó go ndéanfaí iad a bhraith go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Chomhlíon mé mo dhualgais i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialaithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte chuig an Oifig seo.

***An timpeallacht rialaithe airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun cliseadh suntasach ar rialú a thuairisciú agus chun beart ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Leanann an Oifig uirthi de bheith ag tabhairt aghaidhe ar rioscaí suntasacha airgeadais agus rioscaí eile a bhaineann le cúrsaí gnó trí Chlár na Rioscaí. Ní bhaineann aon riosca suntasach airgeadais le Clár Rioscaí na nOifigí. Is doiciméad beo é an Clár agus nuashonraítear é chun rioscaí nua a aithníodh a chur san áireamh chomh maith le hathraithe i dtaca le rioscaí ar ann dóibh cheana.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Admhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go sonrach,

- Go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach
- Go ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta ar na tuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne réamh-mheastachán
- Go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig
- Go bhfuil córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú
- Go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.
- Foilsíodh Creat um Rialachas Corparáideach don Oifig i mí Aibreáin 2016.

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas i dtaca le bheith ag ceannach, agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. I 2016, tuairiscíodh 14 chonradh ar luach €939,600 (gan CBL a chur san áireamh) faoi Chiorclán 40/2002 mar chinn a soláthraíodh gan phróiseas iomaíoch. Bristear iad seo síos mar seo a leanas:

- Bhain trí chonradh ar luach €193,510 le hobair phráinneach speisialaithe a theastaigh maidir le seirbhísí slándála de bhun tuairiscí seirbhísí slándála ón nGarda Síochána. Soláthraíodh na seirbhísí ábhartha gan phróiseas iomaíoch, ag feitheamh le cur i gcrích socruithe creatlaí do na seirbhísí ábhartha.
- Bhain dhá chonradh ar luach €82,900 le cásanna inar theastaigh obair phráinneach agus ceapadh conraitheoirí a raibh cur amach acu ar an gcás cheana.
- Bhain sé chonradh ar luach €542,390 le cásanna inar soláthraíodh seirbhísí ó sholáthróir aonair; conraitheoir le saineolas speisialaithe; nó sannadh an obair ar ghníomhaireacht Stáit.
- Bhain trí chonradh ar luach €120,800 le cásanna inar síneadh conradh a bhí ann cheana chun aghaidh a thabhairt ar oibreacha breise nach raibh súil leo nó ag feitheamh le tabhairt chun críche réiteach níos buaine.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig ag a bhfuil pearsanra oilte, a oibríonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Oifig nochta bun taca faoina hobair agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm leis na pleananna seo na príomhrialaithe a chumhdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm moltaí a eascraíonn ó thuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

**Maurice Buckley**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

26 Meán Fómhair 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil atá le cur i láthair Thithe an Oireachtas

## Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaiodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó

- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Oifig na nOibreacha Poiblí. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

***Ag tuairisciú ar nithe ag eascairt as an iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 12 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2016 do nithe áirithe a bhaineann le Vóta 13, Oifig na nOibreacha Poiblí.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2017

# Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | |
| A | Bainistíocht Riosca Tuilte | | | | |
| | Soláthar na Bliana Reatha | 73,746 | 80,746 | 80,127 | 75,324 |
| | Géilleadh Iarchurtha | 7,000 | | | |
| B | Bainistíocht Punann Eastáit | | 310,780 | 311,360 | 314,752 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | Soláthar na Bliana Reatha | 384,526 | | | |
| | Géilleadh Iarchurtha | 7,000 | | | |
| | | | **391,526** | **391,487** | **390,076** |
| | *Asbhain* | | | | |
| C | **Leithreasacha i gcabhair** | | **26,978** | **32,685** | **30,408** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | Soláthar na Bliana Reatha | 357,548 | | | |
| | Géilleadh Iarchurtha | 7,000 | | | |
| | | | **364,548** | **358,802** | **359,668** |

**Farasbarr le géilleadh**

Géillfear farasbarr an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhliain | 5,746,074 | 10,179,584 |
| Iarchurtha agus le Tabhairt Suas | — | (7,000,000) |
| Farasbarr le géilleadh | 5,746,074 | 3,179,584 |

**Anailís ar na costais riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 34,008 | 33,175 | 32,062 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,511 | 1,562 | 1,490 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 737 | 840 | 723 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,532 | 1,423 | 1,578 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 2,431 | 3,142 | 3,692 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,253 | 1,008 | 1,145 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta, athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe polasaithe | 317 | 641 | 136 |
| | | 41,789 | 41,791 | 40,826 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 349,696 | 349,250 |
| Riarachán – Pá | | 33,175 | 32,062 |
| Riarachán – Caiteachas eile | | 8,616 | 8,764 |
| **Caiteachas Comhlán**[a] | | **391,487** | **390,076** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasacha i gcabhair** | | **32,685** | **30,408** |
| **Glanchaiteachas** | | **358,802** | **359,668** |
| **Athraithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin (airgead) | (49,641) | | |
| Diúscairtí airgid[b] | 3,254 | | |
| Dímheas | 4,939 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí[c] | 4 | | |
| | | (41,444) | (8,183) |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 5,219 | | |
| Méadú ar stoc | 9 | | |
| | | 5,228 | (655) |
| **Caiteachas Díreach** | | **322,586** | **350,830** |
| Caiteachas ar sheirbhísí a soláthraíodh saor in aisce do Ranna eile (seirbhísí comhghaolmhara)[d] | | (126,988) | (142,450) |
| Caiteachas ar sheirbhísí nuair a fheidhmíonn an OPW mar chliant[e] | | (93,851) | (107,608) |
| **Caiteachas Díreach** (cé is moite de Sheirbhísí Comhghaolmhara agus seirbhísí nuair a fheidhmíonn an OPW mar chliant) | | **101,747** | **100,772** |
| **Caiteachas a Caitheadh ar Rudaí Eile** | | | |
| Vóta 12 – Aoisliúntas agus liúntais scoir | | 18,780 | 19,145 |
| **Glanchostas an chláir**[f] | | **120,527** | **119,917** |

[a] Díorthaítear an figiúr seo ón olltoradh ar Vóta 13 amháin (€391.5 milliún) ach is ionann idirbhearta airgeadais iomlána Oifig na nOibreacha Poiblí le linn 2016 agus €501.6 milliún, lena n-áirítear caiteachas díreach a thabhaigh an OPW agus a gearradh ar Vótaí eile.

[b] Ní áirítear le figiúr na ndiúscairtí airgid na fáltais ó dhíol maoine sa bhliain 2016, de luach €0.92 milliún nár cuireadh san áireamh i Leithreasacha i gCabhair ag deireadh na bliana.

[c] Níl san áireamh sa chaillteanas ar dhiúscairtí caillteanas ar luach €1.447milliún i nglanluach de réir na leabhar roinnt réadmhaoiní a díoladh i 2016.

[d] Áirítear anseo caiteachas caipitil €6.2 milliún.

[e] Laghdaíodh figiúr an chaiteachais dhírigh €93.85 milliún, arb é glanchostas an chaipitil agus na seirbhísí reatha é nuair a fheidhmíonn an OPW mar chliant i dtabhairt faoi oibreacha áirithe thar ceann an Stáit nó á maoiniú (e.g. cothabháil draenála, faoiseamh ó thuilte, cothabháil na maoine oidhreachta, deontais le haghaidh oibreacha áirithe athchóirithe, íocaíochtaí as Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath). Níl costas na n-oibreacha agus na ndeontas sin mar chuid de chostais reatha an OPW.

[f] Ní chuimsíonn glanfhigiúr chostas an chláir suim d´ioncam barúlach ná íocaíochtaí barúlacha.

- Meastar gurb ionann na measchíosanna atá infhaighte ag an OPW maidir le maoin faoi úinéireacht an Stáit agus tuairim is €82.9 milliún. Meastar gur ionann na measchíosanna atá iníoctha ag an OPW agus €3.4 milliún.
- Níor áiríodh suimeanna leis an Ráiteas i ndáil le measioncam ó ranna cliaint i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn an OPW saor in aisce faoi láthair.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | **3,328,288** | **3,233,556** |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.3 | 31,232 | 33,405 |
| Stoic | 2.4 | 2,028 | 2,037 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 21,564 | 20,697 |
| Ioncam Fabhraithe | | 1,243 | 1,926 |
| Iarmhéideanna Eile Dochair | 2.6 | 1,154 | 600 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **57,221** | **58,665** |
| | | | |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais Fhabhraithe | | 8,698 | 4,042 |
| Ioncam Iarchurtha | | 784 | 37 |
| Iarmhéideanna Creidmheasa Eile: | 2.7 | 31,201 | 26,576 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 1,185 | 7,429 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **41,868** | **38,084** |
| | | | |
| **Glandliteanais Reatha** | | **15,353** | **20,581** |
| **Glansócmhainní** | | **3,343,641** | **3,254,137** |
| | | | |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| Cuntas Maoiniú Stáit | | **3,343,641** | **3,254,137** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | **Nóta** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 3,254,137 | 3,242,087 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Cuntas | 357,548 | | |
| Iarchurtha agus le Tabhairt Suas | Cuntas | 7,000 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (5,746) | | |
| Glanvóta | | | 358,802 | 359,668 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | Nóta 1 | | 18,780 | 19,145 |
| Seirbhísí Gaolmhara | Nóta 1 | | (126,988) | (142,450) |
| Seirbhísí Cliaint | Nóta 1 | | (93,851) | (107,608) |
| Costas glan cláir | Nóta 1 | | (120,527) | (119,917) |
| Coigeartuithe[a] | | | 53,288 | 3,212 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **3,343,641** | **3,254,137** |

[a] Tá san áireamh sna coigeartuithe caipitliú caiteachais nach mbaineann leis an mbliain chuntasaíochta ar luach €26.17 milliún, seirbhísí gníomhaireachta a caipitlíodh ag OOP ar luach €30.026 milliún agus caillteanas (luach de réir na leabhar) maidir le cur de láimh réadmhaoine ar luach €1.447milliún.

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Maoin Ghradaim | Talamh agus foirgnimh | Gléasra agus innealra | Troscán Trealamh | Oifige agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2016 | 1,052,168 | 2,162,166 | 41,812 | 28,761 | 22,347 | 3,307,254 |
| Breiseanna | 30,394 | 14,687 | — | — | — | 45,081 |
| Diúscairtí | 19,732 | 35,227 | 2,241 | 1,589 | 737 | 59,524 |
| Athluachálacha | — | (3,339) | (1,441) | (2,215) | (230) | (7,225) |
| Athluacháil ar dhiúscairt | — | (1,447) | — | — | — | (1,447) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2016 | **1,102,292** | **2,207,294** | **42,612** | **28,135** | **22,854** | **3,403,187** |
| | | | | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2016 | — | — | 34,134 | 24,352 | 15,212 | 73,698 |
| Dímheas don bhliain | — | — | 2,152 | 2,122 | 665 | 4,939 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (1,405) | (2,215) | (118) | (3,738) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2016 | — | — | 34,881 | 24,259 | 15,759 | 74,899 |
| | | | | | | |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2016** | **1,102,292** | **2,207,294** | **7,731** | **3,876** | **7,095** | **3,328,288** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **1,052,168** | **2,162,166** | **7,678** | **4,409** | **7,135** | **3,233,556** |

[1] Tá i gceist le figiúr na gcoigeartuithe caiteachas na bliana roimhe sin a caipitlíodh tar éis tionscadail a chur i gcrích ar luach iomlán €30.394 milliún do réadmhaoin ardcháile chomh maith le €14.687milliún do thalamh agus d´fhoirgnimh.

| **2.3 Banc agus Airgead** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Cuntas Banc Ceannais | — | 33,396 |
| Cuntas banc tráchtála | 31,316 | 8 |
| Mionairgead | 10 | 9 |
| Orduithe gan íoc | (94) | (8) |
| | 31,232 | 33,405 |

| **2.4 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stoic innealtóireachta | 906 | 905 |
| Stoic iosta oidhreachta | 1,004 | 1,028 |
| Ábhair thógála | 56 | 68 |
| Páipéar agus stáiseanóireacht | 19 | 10 |
| Stoic ilghnéitheacha | 43 | 26 |
| | 2,028 | 2,037 |

| **2.5 Réamhíocaíochtaí** | | |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **2016** | **2015** |
| | **€000** | **€000** |
| Riarachán | 679 | 514 |
| Bainistíocht riosca tuilte | 2,224 | 2,083 |
| Bainistíocht Punann Eastáit | 18,661 | 18,100 |
| | 21,564 | 20,697 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Cíosanna | 751 | — |
| Cuntas tógála scoileanna | 403 | 296 |
| Cuntais Chothabhála | — | 293 |
| Fuinneamh | — | 11 |
| | 1,154 | 600 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Sochair** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 1,034 | 1,042 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 308 | 392 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 927 | 897 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 704 | 679 |
| Cáin Bhreisluacha | 4,193 | 3,764 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 213 | 211 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 13 | 9 |
| | 7,392 | 6,994 |
| | | |
| Cuntais Oibreacha Éagsúla | 12,460 | 8,514 |
| Cuntais bhainistíochta maoine | 6,132 | 6,418 |
| Fáltais ó dhíol maoin Stáit | 916 | 785 |
| Scéim céatadáin le haghaidh ealaíne | 1,235 | 1,563 |
| Seirbhísí Troscáin | 358 | 317 |
| Oidhreacht | 1,377 | 1,119 |
| Cíosanna | — | 161 |
| Asbhaintí den phárolla atá a gcoinneáil ar fionraí | 364 | 430 |
| Míreanna eile creidmheasa fionraí | 967 | 275 |
| | 31,201 | 26,576 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 5,746 | 3,180 |
| Iarchurtha agus le Tabhairt Suas | — | 7,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (4,561) | (2,751) |
| Glandliteanas don Státchiste | 1,185 | 7,429 |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 31,232 | 33,405 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 1,154 | 600 |
| | 32,386 | 34,005 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (7,392) | (6,994) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (23,809) | (19,582) |
| | (31,201) | (26,576) |
| | 1,185 | 7,429 |

**2.9 Ceangaltais**

| a) Ceangaltais dhomhanda | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 2,452 | 2,103 |
| Tionscadail chaipitil lena n-áirítear deontais | 115,779 | 101,030 |

Bhí ceangaltais gan íoc ag deireadh 2016 i ndáil le cíos maoine ar léas agus táillí seirbhíse gaolmhara – bheadh soláthar sonrach nó íostréimhse fógra i gceist le léasanna níos fadtéarmaí le haghaidh luathchríochnú de ghnáth. Níor áiríodh figiúirí do na ceangaltais sin sa chuntas seo ach meastar gurb ionann iad agus €102 milliún in 2017 (2016: €98 milliún).

**b) Mórthionscadail Chaipitil**

Iompraíodh caiteachas ar deich mórthionscadal i rith 2016 ina sáróidh costas measta iomlán an tionscadail ar leith €6.5 milliún. Is iad seo a leanas mionsonraí na dtionscadal sin:

| Tionscadal | Caiteachas Carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2015 €000 | Caiteachas in 2016 €000 | Ceangaltais tionscadail sna blianta iartheachtacha [1] €000 | Saolré ionchais chaiteachais iomláin de thionscadal 2016 €000 | Caiteachas iomlán réamh-mheasta ar thionscadal 2015 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Bainistíocht riosca tuilte** | | | | | |
| Mala Theas | 11,603 | 5,995 | 2,402 | 20,000 | 14,013 |
| Mainistir Fhear Maí Theas | 20,105 | 5,883 | 1,012 | 27,000 | 29,517 |
| Abhainn na Dothra (scéim srutha) | 6,234 | 2,765 | 3,501 | 12,500 | 9,025 |
| Inis Íochtarach | 16,114 | 882 | 1,649 | 18,645 | 18,645 |
| Bré | 27,634 | 8,176 | 5,190 | 41,000 | 46,000 |
| Port Láirge | 13,753 | 830 | 1,417 | 16,000 | 18,000 |
| Droichead na Bandan[2] | 1,601 | 1,375 | 17,524 | 20,500 | — |
| An Sciobairín[2] | 979 | 4,500 | 24,607 | 30,086 | — |
| Iomlán | 98,023 | 30,406 | 57,302 | 185,731 | 135,200 |
| **Bainistíocht Punann Eastáit** | | | | | |
| Teach Knockmaun | 6,036 | 2,861 | 126 | 9,023 | 9,161 |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann[3] | 6,034 | 1,683 | 1,000 | 8,717 | — |
| Iomlán | 12,070 | 4,544 | 1,126 | 17,740 | 9,161 |

[1] Tagraíonn na ceangaltais tionscadail sna blianta iartheachtacha do mheastachán is fearr OOP maidir le costais iarbhíre chaipitil go cur i gcrích na dtionscadal.

[2]Áirítear anseo caiteachas ó vóta an OPW amháin. Maoiníonn an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus Gailearaí Náisiúnta na hÉireann an tionscadal chomh maith (is ionann caiteachas iomlán go deireadh 2016 agus €37milliún)

**Athraithe suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gur athraigh na ceangaltais ilbhliantúla níos mó ná €500,000 ó 2015 go 2016.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Meallach Theas | 5,987 | Bhí an caiteachas iomlán ionchais do 2015 ar an tionscadal seo bunaithe ar an bpraghas tairisceana a fuarthas. Tá an caiteachas iomlán ionchais bunaithe ar mheastachán OOP i dtaca le costais iarbhíre chaipitil go dtí go dtugtar chun críche na tionscadail. Cé go raibh an cuntas deiridh do chonradh na n-oibreacha faoi bhun an mheastacháin réamhthairisceana, bhí sé cuid mhór níos airde ná an praghas tairisceana. |
| Mainistir Fhear Maí Theas | (2,517) | Léiríonn an laghdú i gcostas ionchais deiridh an tionscadail ar luach €2.5m an táirgeacht ionchais agus an cuntas deiridh tógála socraithe anois, agus mórchuid na n-éileamh cúitimh réadmhaoine tríú páirtí tugtha chun críche. |
| Abhann na Dothra (Scéim abhann) | 3,475 | Bhí an bunbhuiséad costais bunaithe ar an dearadh imlíneach. Tá an caiteachas ionchais tionscadail do 2016 bunaithe ar mheastachán OOP na gcostas iarbhír caipitil go dtí go dtugtar chun críche an tionscadal. |
| Bré | (4,999) | Bhí san áireamh i mbuiséad costais 2015 glanchostais luacha reatha chothabhála thar shaolré na scéime. Ós rud é gur costas reatha a bheidh ann, níor chóir go gcuirfí san áireamh iad i gceangaltais todhchaí chaipitil. Tá na costais reatha seo bainte anois. |
| Loch Garman | (2,000) | Léiríonn an laghdú de €2m an táirgeacht reatha ionchais agus an tógáil tugtha chun críche den chuid is mó anois. |

**(c) Costais Chaipitil Tionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | Caiteachas Carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2015 | Caiteachas in 2016 | Ceangaltais infhorfheidhmithe le dlí le baint amach sna blianta ina dhiaidh sin | Iomlán Thionscadal 2016 | Iomlán Thionscadal 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath | 139,789 | 8,787 | 131,652 | 280,228 | 280,228 |

Léiríonn an caiteachas in 2016 aisíocaíocht chostas caipitil na sócmhainne, gan costas maoinithe na comhpháirtíochta príobháidí poiblí san áireamh.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheidil

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Bainistíocht Riosca Tuilte** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | | | 7,697 | 7,686 | 7,124 |
| A.2 | Riarachán - Caiteachas eile | | | 2,140 | 2,045 | 2,367 |
| A.3 | Ceannach gléasra agus innealra | | | 1,950 | 2,106 | 1,902 |
| A.4 | Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrachta agus hidreolaíochta | | | 1,060 | 1,048 | 700 |
| A.5 | Bainistíocht riosca tuilte | | | | | |
| | | Bunaidh | 45,561 | | | |
| | | Géilleadh iarchurtha | 7,000 | 52,561 | 51,855 | 48,369 |
| A.6 | Draenáil — cothabháil | | | 15,338 | 15,387 | 14,862 |
| | | | | 80,746 | 80,127 | 75,324 |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €0.619 milliún níos lú ná mar a foráladh dó. Ba é an príomh-athraitheas fotheidil:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ceannach gléasra agus innealra | (156) | Athsholáthar riachtanach gléasra agus innealra ba chúis leis an gcaiteachas breise. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Bainistíocht Punann Eastáit** | | | |
| B.1 | Riarachán – Pá | 26,311 | 25,489 | 24,938 |
| B.2 | Riarachán – Caiteachas eile | 5,641 | 6,571 | 6,397 |
| B.3 | Foireann tís an Uachtaráin | 862 | 874 | 798 |
| B.4 | Deontais le haghaidh oibreacha áirithe athchóirithe | 250 | 250 | 250 |
| B.5 | Ceannach láithreán agus foirgneamh | 980 | 3,169 | 3,512 |
| B.6 | Oibreacha nua, athraithe agus breiseanna | 53,950 | 55,189 | 46,802 |
| B.7 | Cothabháil maoine agus soláthairtí | 59,102 | 59,130 | 57,382 |
| B.8 | Cíosanna | 89,564 | 87,594 | 87,081 |
| B.9 | Táillí seirbhíse agus fóntais | 11,043 | 10,477 | 9,648 |
| B.10 | Íocaíochtaí Aonadacha | 25,000 | 23,731 | 39,916 |
| B.11 | Seirbhísí oidhreachta | 37,856 | 38,737 | 37,798 |
| B.12 | Seirbhísí foilsithe Rialtais | 221 | 149 | 230 |
| | | 310,780 | 311,360 | 314,752 |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár €0.58 milliún níos airde ná mar a foráladh dó. Seo a leanas an príomh-athraitheas fotheidil:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ceannach láithreán agus foirgneamh | (2,189) | Iompraíodh an caiteachas breise mar gheall ar dhá mhaoin a fháil. Maoiníodh an infheistíocht trí vírmint ó choigilteas eile ar an Vóta. |
| Táillí seirbhíse agus fóntais | 566 | Tháinig an faoi chaiteachaschun cinn de bhun laghduithe a baineadh amach in íocaíochtaí fóntais agus cuíchóiriú spáis le blianta beaga anuas. |
| Íocaíochtaí aonadacha | 1,269 | Tháinig an faoi chaiteachas chun cinn de bhun rátaí bille laghdaithe d’Ionad Comhdhála, Bhaile Átha Cliath |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasacha i gcabhair | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Cíosanna, táillí ceadúnais etc. | 3,040 | 3,607 | 3,813 |
| 2. | Bainistíocht imeachtaí agus áiseanna | 2,130 | 2,806 | 2,606 |
| 3. | Fáltais le haghaidh seirbhísí foilsithe Rialtais | 630 | 710 | 861 |
| 4. | Aisghabhálacha i leith seirbhísí ar tugadh fúthu ar bhonn aisíocaíochta nó gníomhaireachta | 7,199 | 9,997 | 7,653 |
| 5. | Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla | 1,250 | 1,448 | 1,114 |
| 6. | Táillí isteach ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla | 6,230 | 7,487 | 6,222 |
| 7. | Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, úis, diúscairtí, etc. | 3,320 | 3,679 | 4,086 |
| 8. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 3,179 | 2,951 | 4,053 |
| | Iomlán | 26,978 | 32,685 | 30,408 |

**Athraithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal lenar bhain toradh breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|
| | €000 | |
| Cíosanna, táillí ceadúnais, etc. | (567) | Tharla na fáltais bhreise mar gheall ar phionóis fhoirceanta a fuarthas i dtaca le 60 ceadúnas crainn. |
| Bainistíocht imeachtaí agus áiseanna | (676) | Fuarthas na fáltais bhreise mar gheall ar mhéadú ar na táillí iontrála agus na turais féintreoraithe. |
| Aisghabhálacha i leith seirbhísí ar tugadh fúthu ar bhonn aisíocaíochta nó gníomhaireachta | (2,798) | Tharla an méadú mar gheall ar fháltais bhreise ón gCiste Árachais Shóisialaigh agus ó tháillí gníomhaireachta. Ghlac OOP le freagracht as bainistiú lín bhreise de 70 réadmhaoin ar léas ar Vóta OOP i 2016, ar son na Roinne Coimirce Sóisialaí, le luach a sháraíonn €3milliún. D´aisíoc an Ciste Árachais Shóisialaigh cuid de na cíosanna do OOP, rud nár próifílíodh i Meastacháin 2016. |
| Díolacháin séadchomharthaí náisiúnta agus maoine stairiúla | (198) | Tharla an barrachas mar gheall ar mhéadú ar tháillí lamháltais, táillí áiseanna agus ioncaim ghinearálta ag suíomhanna éagsúla. |
| Táillí isteach ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla | (1,257) | Tharla an farasbarr mar gheall ar mhéadú i líon na gcuairteoirí ar Phríosún Chill Mhaighneann (€0.6milliún) agus mar gheall ar mhéadú i bhfáltais na dtionscnóirí turas (€0.4milliún). |
| Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, úis, diúscairtí, etc. | (359) | Tharla méadú ar fháltais ilghnéitheacha mar gheall ar dhiúscairt maoine breise barrachais. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh<br>€000 | Míniú |
| --- | --- | --- |
| Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 228 | Bhí laghdú ar fháltais ar an athrú ar rátaí agus bandaí na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsean i rith 2016. |

**4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha don Státchiste**

| | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
| --- | --- | --- |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Iarmhéideanna ar chuntais dhíomhaoine fhionraí | — | 4,440 |
| Aistrithe don Státchiste | — | (4,440) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | — |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon na gcomhaltaí foirne** (coibhéisí lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | | |
| Gráid na Státseirbhíse | 636 | 572 |
| Gráid Shonracha an OPW | 968 | 976 |
| | 1,604 | 1,548 |

| | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|
| **Pá** | | |
| Gráid státseirbhíse | 31,110 | 30,106 |
| Gráid shonracha OOP | 42,840 | 43,096 |
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | |
| Gráid na Státseirbhíse | 171 | 217 |
| Gráid Shonracha an OPW | 421 | 430 |
| **Ragobair** | | |
| Gráid na státseirbhíse | 66 | 99 |
| Gráid Shonracha an OPW | 3,016 | 2,779 |
| **Tinreamh Breise, seal agus uainchlár** | | |
| Gráid Shonracha an OPW | 2,379 | 2,195 |
| **ÁSPC Fostóra** | | |
| Gráid státseirbhíse | 1,828 | 1,640 |
| Gráid shonracha OOP | 4,970 | 4,888 |
| **Pá iomlán** | **86,801** | **85,450** |

Áirítear san fhigiúr don phá iomlán pá i bhfotheidil cláir A.1, A.4, A.5, A.6, B.1, B.3, B.7, agus B.11 agus áirítear ann pá do 316 comhalta foirne breise sealadach agus séasúrach in 2016 (2015: 394 comhalta foirne breise).

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2016 | 2015 |
| | | | € | € |
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | | | |
| Gráid na Státseirbhíse | 64 | 3 | 15,471 | 16,066 |
| Gráid Shonracha an OPW | 758 | — | 7,463 | 18,252 |
| **Ragobair** | | | | |
| Gráid na Státseirbhíse | 35 | — | 8,994 | 16,164 |
| Gráid Shonracha an OPW | 926 | 81 | 49,605 | 33,475 |
| **Tinreamh Breise, seal agus uainchlár** | | | | |
| Gráid Shonracha an OPW | 802 | 22 | 23,068 | 21,463 |
| **Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.** | | | | |
| Gráid na Státseirbhíse | 5 | 1 | 10,689 | 23,372 |
| Gráid Shonracha an OPW | 912 | 138 | 50,922 | 34,150 |

**5.2 Socruithe eile maidir le luach saothair**

Rinneadh triúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil phinsin státseirbhíse a fhostú an athuair ar bhonn táillí ar chostas €104,965.

**5.2 Ró-íocaíochtaí**

Ba é luach na ró-íocaíochtaí a bhí fós le híoc ar ais ag deireadh na bliana ná €13,760 (15 chás) (2015: €6,541, 16 chás). Tá plean aisghabhála airgid i bhfeidhm i ngach cás acu seo.

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Costais dlí**

| | 2016 | | | | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí íoctha ag an OPW | Costais dlí bronnta | Cúiteamh a bronnadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó fhostaithe** | | | | | | |
| Éilimh chun díobháil phearsanta a ghnóthú - a socraíodh in 2016 | 3 | 16 | 29 | 105 | 150 | 43 |
| Éilimh - a socraíodh i mbliain roimhe seo nó atá ar bun go fóill | 4 | 2 | — | — | 2 | 131 |
| **Éilimh ó bhaill den phobal** | | | | | | |
| Éilimh chun díobháil phearsanta a ghnóthú - a socraíodh in 2016 | 11 | 58 | 39 | 251 | 348 | 537 |
| Éilimh - a socraíodh i mbliain roimhe seo nó atá ar bun go fóill | 11 | 81 | 121 | — | 202 | 182 |
| Éilimh chaillteanais nó dhamáiste - a socraíodh in 2016 | 8 | — | — | 11 | 11 | 4 |
| **Eile** | | | | | | |
| Costais dlí maidir le breithiúnas Ard-Chúirte | — | — | — | — | — | 240 |
| | | 157 | 189 | 367 | 713 | 1,137 |

**6.2 Costais Eadrána agus Chomhréitigh**

Áirítear le caiteachas in 2016 íocaíochtaí €12.718 milliún (2015: €1.837milliún) a rinneadh le conraitheoirí agus daoine eile chun costais a chlúdach mar thoradh ar imeachtaí comhréitigh agus eadrána. Bhí 6 chás ann in 2016 (2015: 7). Áirítear sna figiúirí táillí CBL, dlí agus gairmiúla.

**6.3 Dliteanas Teagmhasach**

Tá an Oifig páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus idir-réiteach conartha a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon mhéid iarmhír nó am dliteanas féideartha neamhchinnte.

**6.4 Soláthar Seirbhísí Gníomhaireachta**

I dteannta an chaiteachais ar Vóta 13, is amhlaidh a fheidhmíonn an OPW mar ghníomhaire, agus a thabhaíonn an OPW caiteachas, thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile. Tá an maoiniú don chaiteachas seo curtha ar fáil don OPW ag an roinn/gníomhaireacht urraíochta agus léirítear é mar mhuirear ar chuntas an clianteagrais. B'ionann an caiteachas iomlán in 2016 agus €110 milliún. Ba iad na príomhnithe ar ar caitheadh seo móroibreacha caipitil (€77 milliún); clár scoile (€5 mhilliún); oibreacha cothabhála (€3 mhilliún); léasú cóiríochta (€9 milliún);agus bainistíocht mhaoine (€8 milliún) agus iasachtaí áitiúla (€0.9 milliún).

Chomh maith leis sin, tugann an Oifig faoi róil shonracha nach bhfuil maoinithe ag vótáilte an OPW a éilíonn ionchur agus acmhainní ar bhonn leanúnach, e.g. comhairle a thabhairt maidir le cúrsaí ailtireachta; roghanna fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt; tabhairt faoi iniúchtaí ar rochtain uilíoch; tograí i dtaobh coisc le tuile a scrúdú do chomhlachtaí eile, suíomhanna i gcomhair bunscoileanna a aimsiú; a mheas, a fháil agus a thógáil, cúrsaí soláthair maidir le tionscadail ar leith; bainistíocht ealaíne laistigh den Stát; agus díolachán maoine stáit.

**6.5 Ús agus Cúiteamh**

Rinne an OPW íocaíochtaí ús pionóis agus cúitimh dar luach €15,873 ar an iomlán in 2016 faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 i ndáil le híocaíochtaí déanacha (2015: €17,741). B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí a rinne an OPW in 2016 agus €381 milliún, agus bhí 78,524 íocaíocht inríofa ann san iomlán.

**6.6 Calaois agus Calaois Amhrasta**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Mí-leithghabháil líomhnaithe airgid | 8 | — |

Tháinig cás amháin de mhí-leithghabháil líomhnaithe airgid chun cinn in 2016. Fiosraíodh an cás agus fuarthas an t-airgead a mí-leithreasadh, €7,500. Cuireadh deireadh le fostaíocht an chomhalta foirne leis an OPW.

Cuireadh tús le hiniúchadh calaoise maidir le mí-leithghabháil earraí ag beirt fhostaithe in 2011 agus tháinig deireadh leis in 2016. Cuireadh an bheirt fhostaithe ar fionraí in 2011 agus briseadh as a bpoist go foirmiúil iad in 2012. Tar éis imeachtaí cúirte in 2015 agus 2016, rinneadh íocaíochtaí €3,852 agus €7,500 leis an OPW.

## 6.7 Seirbhísí a soláthraíodh do Ranna agus d'Oifigí in 2016 (Fotheideal B8 Cíosanna)

| Ranna, etc. | 2016 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2016 Toradh | 2015 Toradh |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Tithe an Oireachtas | 640 | 455 | 648 |
| An Taoiseach | — | 162 | — |
| An tArd-Aturnae | 93 | 77 | 94 |
| An Phríomh-Oifig Staidrimh | 617 | 698 | 624 |
| Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí | 1,004 | 988 | 1,016 |
| Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 651 | 655 | 658 |
| Airgeadas | 286 | 260 | 289 |
| An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 510 | 613 | 516 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 14,186 | 14,039 | 14,354 |
| Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | 1,100 | 951 | 1,113 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,633 | 2,018 | 2,664 |
| An Oifig Luachála | 504 | 701 | 510 |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 1,913 | 1,950 | 1,935 |
| Seirbhísí Comhroinnte | 808 | 762 | 818 |
| An tOmbudsman | 1,043 | 1,055 | 1,056 |
| An Garda Síochána | 8,197 | 8,599 | 8,294 |
| Na Príosúin | 131 | 133 | 133 |
| An tSeirbhís Chúirteanna | 652 | 658 | 659 |
| Clárlann na Talún | 189 | 188 | 191 |
| Dlí agus Ceart agus Comhionannas | 9,896 | 9,961 | 10,013 |
| Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | 346 | 220 | 350 |
| Oideachas agus Scileanna | 3,151 | 3,322 | 3,188 |
| Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | 3,944 | 3,717 | 3,990 |
| Cumarsáid, Gníomh ar son na hAeráide agus Comhshaol | 3,490 | 3,506 | 3,531 |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 2,277 | 2,148 | 2,304 |
| Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 3,236 | 2,381 | 3,275 |
| Poist, Fiontair agus Nuálaíocht | 5,575 | 6,383 | 5,641 |
| Na hEalaíona, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta | 1,863 | 1,643 | 1,885 |
| Cosaint | 172 | 375 | 174 |
| Coimirce Shóisialach | 16,779 | 15,137 | 13,436 |
| Sláinte | 1,200 | 1,163 | 1,215 |
| Gnóthaí Leanaí agus Óige | 2,012 | 2,054 | 2,036 |
| An Oifig um Sholáthar Rialtais | 460 | 622 | 465 |
| Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 6 | — | 6 |
| Iomlán | **89,564** | **87,594** | **87,081** |